Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

2025/2026(INI)

08.05.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar thuarascáil 2023 agus tuarascáil 2024 ón gCoimisiún ar an Úcráin
(2025/2026(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: Michael Gahler

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 7

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR 8

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar thuarascáil 2023 agus tuarascáil 2024 ón gCoimisiún ar an Úcráin (2025/2026(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do na rúin uaithi roimhe seo maidir leis an Úcráin,

– ag féachaint do dhoiciméad inmheánach oibre sin an Choimisiúin dar teideal ‘Tuarascáil 2024 ar an Úcráin’ (SWD(2024)0699) a ghabhann le teachtaireacht 2024 ón gCoimisiún maidir le beartas an Aontais um méadú (COM(2024)0690),

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A10-0000/2025),

A. de bhrí go gcáineann an Pharlaimint go láidir ionsaí na Rúise ar an Úcráin agus go dtacaíonn sí le ceart na hÚcráine ar cheannasacht, ar neamhspleáchas agus ar iomláine chríochach laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta;

B. de bhrí go bhfuil athléimneacht shuntasach léirithe ag an Úcráin, agus go bhfuil sí meáite i gcónaí ar bhallraíocht a ghlacadh san Aontas Eorpach, in ainneoin chogadh foghach leanúnach na Rúise;

C. de bhrí go léiríonn na hathchóirithe reachtacha a bhfuil tús curtha ag an Úcráin leo go bhfuil sí meáite ar ailíniú le *acquis* an Aontais;

D. de bhrí go bhfuil dúshláin fós ann i réimsí amhail neamhspleáchas na mbreithiúna agus éilliú sistéamach, nach mór aghaidh a thabhairt orthu tríd an rialtas breis freagrachta a ghabháil air féin agus trí mhaoirseacht idirnáisiúnta fheabhsaithe;

E. de bhrí go bhfuil dul chun cinn déanta ag an Úcráin i leith an chomhair réigiúnaigh agus i leith athchóirithe socheacnamaíocha chun a beartais a chur i gcomhréir le caighdeáin an Aontais;

F. de bhrí go bhfuil inoiriúnaitheacht léirithe ag institiúidí daonlathacha na hÚcráine faoin dlí airm, cé go bhfuil imní fós ann faoi thrédhearcacht agus faoi chothromaíocht na cumhachta le linn na tréimhse sin;

G. de bhrí go bhfuil dul chun cinn déanta i leith athchóiriú ar an riarachán poiblí, ach go bhfuil gá fós le breis fothú acmhainneachta agus go gcaithfear i gcónaí tuilleadh feabhais a chur ar bhainistiú na n-acmhainní daonna;

H. de bhrí go bhfuil príomhfheidhmeanna á ndéanamh athuair ag na breithiúna, lena n-áirítear grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar bhreithiúna agus bearta frithéillithe a chur chun feidhme, siúd is nach mór caighdeáin ionracais agus trédhearcachta a neartú;

I. de bhrí go bhfuil léirithe ag an Úcráin go bhfuil sí tiomanta don chlár oibre glas trí reachtaíocht maidir le fuinneamh in-athnuaite agus trí ailíniú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip;

J. de bhrí gurb í an tsochaí shibhialta crann taca na hathléimneachta agus an daonlathais san Úcráin i gcónaí, siúd is go bhfuil imní ann faoi bhrú a bheith á chur ar ghníomhaithe agus go gcaithfidh an rialtas gníomhaíocht a dhéanamh ina leith;

K. de bhrí go bhfuil dúshláin ann ó thaobh na saoirse cainte agus neamhspleáchas na meán de, go háirithe faoin dlí airm; de bhrí go gcaithfear athchóirithe a dhéanamh chun an t-iolrachas a athbhunú agus chun iriseoirí a chosaint;

L. de bhrí go dtacaíonn muintir agus institiúidí na hÚcráine leis an bpróiseas chun an Úcráin a lánpháirtiú isteach an Aontas, rud a léiríonn go bhfuil dúil láidir ann sa tsochaí i mballraíocht san Aontas in ainneoin na ndeacrachtaí atá ann faoi láthair;

M. de bhrí go bhfuil ballraíocht san Aontas fós ina spreagadh ríthábhachtach d'fhorbairt dhaonlathach na hÚcráine agus go mbeidh sí ina príomhthoisc chun slándáil, cobhsaíocht agus neamhspleáchas na tíre san am atá le teacht a áirithiú;

Maidir leis an staid mar atá i dtaca le cogadh foghach na Rúise agus smachtbhannaí de

1. á athdhearbhú a dlúthpháirtíochta buanseasmhaí le muintir na hÚcráine agus a tacaíochta do neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ceart bunúsach féinchosanta ag an Úcráin i gcomhréir le hAirteagal 51 de Chairt na Náisiún Aontaithe;

2. á chur i bhfáth nach mór don Aontas agus do Bhallstáit an Aontais i bhfad níos mó cúnaimh a thabhairt chun seasamh le ceart na hÚcráine uirthi féin a chosaint; á áitiú nach mór don Aontas, gona Bhallstáit, agus i dteannta na gcomhpháirtithe agus na gcomhghuaillithe, rannchuidiú le ráthaíochtaí láidre slándála don Úcráin chun an Rúis a chosc ar bhreis ionsaithe a dhéanamh;

Tiomantas d'Aontachas leis an Aontas Eorpach

3. á chur in iúl gur geal léi go mór go bhfuil an Úcráin an-mheáite ar na ceanglais i leith ballraíocht san Aontas a chomhall, lena n-áirítear *acquis* an Aontais a chomhlíonadh;

4. ag cur suntas sa chomhaontú idir SAM agus an Úcráin maidir le mianraí criticiúla; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil teanga fhollasach ann atá ceaptha chun próiseas aontachais na hÚcráine leis an Aontas agus a hoibleagáidí gaolmhara a choimirciú, agus chun comhoiriúnacht le hoibleagáidí na hÚcráine le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta nó le creidiúnaithe oifigiúla eile a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme críochnúil na gcoimircí sin;

An daonlathas, an smacht reachta agus an comhrac i gcoinne an éillithe

5. ag aithint iarrachtaí urghnácha na hÚcráine ar institiúidí daonlathacha a neartú le linn an chogaidh; ag moladh don Úcráin, ag an am céanna, féachaint chuige go mbeidh breis

trédhearcachta ann i bpróisis reachtacha agus go leithdháilfear níos mó acmhainní ar an athchóiriú breithiúnach;

6. á iarraidh ar an Úcráin aghaidh a thabhairt ar na nithe atá ina mbac ar an bhforbairt bhreithiúnach; á thabhairt chun suntais go gcaithfear feabhas a chur ar neamhspleáchas na mbreithiúna agus an comhrac i gcoinne an éillithe a threisiú;

7. á chur in iúl gur geal léi gur ceapadh ceann nua ar an nGníomhaireacht Náisiúnta um Éilliú a Chosc mar aon le hiniúchóirí neamhspleácha chun measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá Biúró Náisiúnta Frith-Éillithe na hÚcráine i ndáil le héilliú a imscrúdú; á chur in iúl gur díol sásaimh di teacht i bhfeidhm an Chóid Choiriúil leasaithe agus an Chóid Nós Imeachta Choiriúil; ag moladh ghlacadh an phlean gníomhaíochta chun an Straitéis um Aisghabháil Sócmhainní le haghaidh 2023-2025 agus bearta gaolmhara a chur chun feidhme;

8. ag moladh don Úcráin neamhspleáchas agus éifeachtacht na n-institiúidí frithéillithe a choimirciú, lena n-áirítear Oifig an Ionchúisitheora Speisialaithe in aghaidh an Éillithe (SAPO), trí phróisis cheapacháin thrédhearcacha a áirithiú agus na comhlachtaí sin a chosaint ar thionchar polaitiúil; ag moladh na hÚcráine as foireann SAPO a mhéadú;

9. ag aithint thátal an aguisín a ghabhann leis an Dara Tuarascáil maidir le Comhlíonadh arna glacadh ag Grúpa Stát Chomhairle na hEorpa i gcoinne na hÉillitheachta an 22 Samhain 2024, ar dá réir atá 18 gcinn den 31 mholadh atá ar áireamh sa tuarascáil úd curtha chun feidhme go sásúil ag an Úcráin nó atá aghaidh tugtha aici orthu ar bhealach sásúil; ag moladh don Úcráin na moltaí eile a chur chun feidhme go hiomlán;

Saoirsí bunúsacha agus cearta an duine

10. ag moladh na hÚcráine as a mheáite atá sí ar chearta bunúsacha a chaomhnú in ainneoin chogadh foghach leanúnach na Rúise; á chur in iúl gur geal léi go ndearnadh an Plean Gníomhaíochta chun Cearta na Mionlach Náisiúnta a Chosaint go dtí 2027, a bhfuil sé d'aidhm aige reachtaíocht na hÚcráine a chur i gcomhréir leis na caighdeáin Eorpacha, a ghlacadh le deireanas;

Comhar réigiúnach agus dea-chaidreamh comharsanachta

11. á chur in iúl gur geal léi baint ghníomhach a bheith ag an Úcráin le tionscnaimh réigiúnacha, amhail a ceannaireacht i bhFóram Sochaí Sibhialta Chomhpháirtíocht an Oirthir agus comhordú tionscadal trádála trasteorann leis an bPolainn;

12. á chur in iúl gur geal léi aon iarrachtaí a bheith á ndéanamh ag an Úcráin agus ag Ballstáit an Aontais, agus ag moladh dóibh iarrachtaí a dhéanamh, ar aghaidh a thabhairt ar ghnéithe den chaidreamh déthaobhach agus réigiúnach stairiúil atá fós gan réiteach, mar shampla ár Volhynia, de mheon an athmhuintearais fhíor agus dhílis, agus le hurraim do luach na dínite daonna, luach na fírinne stairiúla agus luach an dea-chaidrimh comharsanachta, ar luachanna de chuid an Aontais iad go léir; á chreidiúint gurb amhlaidh, le dea-thoil na bpáirtithe uile lena mbaineann, a dhéanfar, trí phróiseas athmhuintearais foighneach, éagóir an ama a chuaigh thart a chur ina ceart; á chur in iúl gur geal léi, sa chomhthéacs sin, go bhfuil cainteanna ar bun idir údaráis na Polainne agus údaráis na hÚcráine, arb amhlaidh, mar thoradh orthu, a tosaíodh ar uaigheanna

saoránach Polannach atá ar chríoch na hÚcráine a thochailt athuair i mí Aibreáin 2025; á chur in iúl go bhfuil súil aici go leanfar den phróiseas agus é d'aidhm shoiléir na híospartaigh a adhlacadh agus a chuimhneamh go díniteach;

Athchóirithe socheacnamaíocha

13. á chur in iúl gur geal léi go ndearna an Úcráin an Plean Gníomhaíochta Tosaíochta le haghaidh 2023-2024 a chur chun feidhme agus gur glacadh an reachtaíocht is gá chun Biúró Slándála Eacnamaíche na hÚcráine a athchóiriú;

14. á mheabhrú gur glacadh an Dlí maidir leis an tSeirbhís Phoiblí Áitiúil in 2023 agus ag moladh do Rialtas na hÚcráine cur chuige córasach a ghlacadh i leith na n-athchóirithe sin ar an riarachán poiblí atá ar na bacáin trí fhís shoiléir agus straitéis cur chun feidhme struchtúrtha a bhunú;

15. ag moladh don Úcráin dul chun cinn a dhéanamh i leith dréachtdlí Uimh. 4298 a fhormheas d'fhonn athchóirithe ar riarachán an stáit áitiúil a ailíniú le caighdeáin an Aontais, trí chreat dlíthiúil cothrom um maoirseacht a bhunú i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus leis an gCairt Eorpach um Fhéinrialú Áitiúil nach sáraíonn inniúlachtaí, sainchumais ná feidhmeanna féinrialaitheacha na n-údarás áitiúil; ag meabhrú gur éiligh sí go ndéanfaí pearsantacht dhlítheanach a thabhairt isteach i gcomhair na n-údarás poiblí áitiúil agus réigiúnach;

16. á iarraidh ar an Úcráin leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh i leith chur chun feidhme Phlean na hÚcráine, de bhun Rialachán (AE) 2024/792[1];

Fuinneamh, an comhshaol, an fhorbairt inbhuanaithe agus nascacht

17. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil dul chun cinn suntasach á dhéanamh i leith athchóirithe ar an earnáil fuinnimh agus i leith ailíniú na hÚcráine le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip;

18. ag moladh na hÚcráine as a plean fuinnimh agus aeráide náisiúnta a ghlacadh;

19. ag moladh go seolfadh an Coimisiún cnuasaigh chaibidlíochta go pras leis an Úcráin chun dul chun cinn a dhéanamh, a ghasta is féidir, i leith iarraidh na tíre ar bhallraíocht a ghlacadh san Aontas, faoi réir í a leanúint de *acquis* an Aontais a chur chun feidhme agus na hathchóirithe arna ndéanamh aici a thabhairt chun críche;

20. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

[1] Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin, IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Mar Rapóirtéir don tionscnamh tábhachtach seo, is cúis áthais dom tuarascáil a chur i láthair ina léirítear tiomantas straitéiseach buan agus diongbháilte an Aontais Eorpaigh i leith na hÚcráine. Is í an tuarascáil seo an chéad tuarascáil ó thús ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin agus ó tugadh stádas mar thír is iarrthóir don Úcráin agus ó cuireadh tús leis an gcaibidlíocht aontachais.

Is ar an Úcráin is mó atá an tAontas ag díriú i réimse an chaidrimh sheachtraigh. Bhí tionchar nach beag cheana ag an gcogadh leanúnach san Úcráin ar an Aontas agus leanann sé de thionchar a imirt air. Beidh an toradh a bheidh ar an gcogadh fiorthábhachtach chun go mairfidh an tAontas. Sin é an fáth a bhfuil cúnamh polaitiúil, taidhleoireachta, airgeadais agus míleata comhsheasmhach á thabhairt ag an Aontas agus ag Ballstáit an Aontais don Úcráin. Ó tharla athrú ó bhonn a bheith tagtha ar chur chuige Rialtas Trump i leith na hÚcráine, is mó fós mortabháil an Aontais.

D'ullmhaigh mé an dréacht-tuarascáil i gcomhthéacs an chomhthéacs gheopholaitiúil agus slándála thuasluaite. Tagraítear sa téacs d'ullmhacht na hÚcráine na ceanglais i leith ballraíocht san Aontas a chomhall, lena n-áirítear acquis an Aontais a chomhlíonadh; Thairis sin, déanaim anailís ar na hathchóirithe intíre casta, atá á ndéanamh in ainneoin cogadh a bheith ar siúl. Tarraingím aird go háirithe ar an daonlathas, ar an smacht reachta agus ar an gcomhrac i gcoinne an éillithe. Moltar inti go leanfaí de dhul chun cinn a dhéanamh bunaithe ar na hathchóirithe atá déanta san earnáil fuinnimh, in earnáil an chomhshaoil, in earnáil na forbartha inbhuanaithe agus in earnáil na nascachta. Thairis sin, cuirim béim ar a thábhachtaí atá an comhar réigiúnach agus an dea-chaidreamh comharsanachta.

Ag céim na leasuithe, feabhsóidh agus comhlánóidh gnéithe breise an dréacht-tuarascáil agus ionchorpróidh siad na forbairtí is déanaí sa chaibidlíocht idirnáisiúnta, más ann dóibh, agus na hiarrachtaí ar athchóiriú inmheánach a dhéanamh.

Mar fhocal scoir, athdhearbhaím go láidir nach mór don Choimisiún Eorpach cnuasaigh chaibidlíochta a sheoladh chun dul chun cinn a dhéanamh, a ghasta is féidir, i leith iarraidh na hÚcráine ar bhallraíocht a ghlacadh san Aontas. Chun an próiseas seo a thabhairt i gcrích, caithfear ceannaireacht, diongbháilteacht agus fís a léiriú, agus is éard atá ann ná infheistíocht gheostraitéiseach a d'fhágfadh an Eoraip a bheith aontaithe agus láidir i dtimpeallacht idirnáisiúnta atá ag dul i nguagacht i rith an ama.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an Rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála:

Eintiteas agus/nó duine
Dada

Is faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an Rapóirtéir go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.